Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta

Foilsiú folúntais le haghaidh post An Phríomhchomhairleora Eolaíochta

(Gníomhaire Sealadach – Grád AD13)

(Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh)

COM/2024/10456

Cé sinn

Tá próiseas roghnúcháin seachtrach á eagrú ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh gníomhaire sealadach chun post an Phríomhchomhairleora Eolaíochta le haghaidh na hintleachta saorga (IS) a líonadh in Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS CONNECT).

Tacaíonn AS CONNECT le haistriú digiteach ár ngeilleagair agus ár sochaí agus ceapann sé na beartais is gá chun an margadh inmheánach a chothú agus an Eoraip a chur in oiriúint don Aois Dhigiteach agus don uathriail theicneolaíoch, agus cuireann sé chun feidhme iad. Cuirtear comhar gníomhach trasearnálach chun cinn laistigh den Ard-Stiúrthóireacht agus ar fud an Choimisiúin. Is ar chomhar dhá threo leis na páirtithe leasmhara uile (e.g. gnólachtaí, an lucht acadúil, eagraíochtaí poiblí, saoránaigh) atá cur chun feidhme gníomhaíochtaí an AS bunaithe. Le beartas na hArd-Stiúrthóireachta maidir le meánbhainisteoirí, urramaítear éagsúlacht, tacaítear le forbairt gairme agus spreagtar soghluaisteacht. Iarrtar ar mheánbhainisteoirí a bheith ildánach, oscailte agus comhoibríoch.

Laistigh de AS CONNECT, is eintiteas nuabhunaithe í an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga atá ar thús cadhnaíochta maidir le beartas IS a mhúnlú san Aontas. Tá sí freagrach as forbairt agus úsáid IS a neartú ar bhealach a thacaíonn le hiomaíochas na hEorpa agus a théann chun tairbhe don tsochaí. Is éard atá i gceist leis sin dul chun cinn ceannródaíoch i dteicneolaíocht IS a chur chun cinn chomh maith le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme go héifeachtach. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, reachtaíocht chinniúnach lena mbunaítear tagarmharc domhanda le haghaidh rialáil maidir le IS, tugtar isteach rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca agus maidir le cleachtais thoirmiscthe, agus leagtar amach rialacha maidir le samhlacha IS ilchuspóireacha. Chuir sé de chúram ar an Oifig um Intleacht Shaorga tacú le hobair na n-údarás inniúil náisiúnta maidir le cleachtais ardriosca agus cleachtais thoirmiscthe, agus maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na rialacha maidir le samhlacha IS ilchuspóireacha. I ndáil leis sin, oibreoidh an Oifig um Intleacht Shaorga le páirtithe leasmhara chun measúnú riosca, maolú riosca agus comhlíonadh a éascú. Tá sé de chumhacht aige meastóireachtaí a dhéanamh ar shamhlacha IS ilchuspóireacha agus forbróidh sé uirlisí, modheolaíochtaí agus tagarmharcanna le haghaidh meastóireachta. Is féidir leis eolas a iarraidh ó sholáthraithe samhlacha freisin. Cinnteoidh an Oifig um Intleacht Shaorga rialachas iomchuí an Ghnímh trí oibriú i ndlúthchomhar le Bord IS na mBallstát, leis an bPainéal Eolaíoch eolaithe IS agus le Fóram Comhairleach na bpáirtithe leasmhara. Chun tacú le forbairt, leathadh amach agus úsáid luathaithe córas iontaofa IS, tá an Oifig um Intleacht Shaorga freagrach freisin as beartais taighde agus nuálaíochta san intleacht shaorga a dhearadh agus a chur chun feidhme. Oibríonn sé leis an bpobal nuathionscanta, le hollscoileanna, le gníomhaithe tionscail agus le gníomhaithe ábhartha príobháideacha agus poiblí eile. Tá sé de chúram ar an Oifig um Intleacht Shaorga freisin rannchuidiú leis an gcur chuige straitéiseach maidir le tionscnaimh idirnáisiúnta in IS,

tionscnaimh a bhaineann leis an mbeartas nuálaíochta agus le barr feabhais san áireamh, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus le comhar leis na Ballstáit sa réimse sin. Tacóidh sé le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin chun úsáid IS mar theicneolaíocht chlaochlaitheach a éascú i réimsí ábhartha bheartas an Aontais.

An tairiscint

Post dúshlánach mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta le haghaidh IS chun oibriú i ndlúthchomhar le Meánbhainistíocht agus Ardbhainistíocht AS CONNECT agus ar fostú ag Stiúrthóir na hOifige um Intleacht Shaorga. Tabharfaidh siad comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha maidir le IS ilchuspóireach agus maidir le cineálacha cur chuige eolaíocha gaolmhara.

Ba cheart don Phríomhchomhairleoir Eolaíoch maidir le IS ardleibhéal tuisceana eolaíche a chinntiú maidir le IS ilchuspóireach. Beidh siad i gceannas ar an gcur chuige eolaíoch i leith IS ilchuspóireach maidir le gach gné d'obair na hOifige um Intleacht Shaorga, gcinnteofar déine eolaíoch agus sláine thionscnaimh IS. Díreoidh siad go háirithe ar thástáil agus ar mheastóireacht a dhéanamh ar shamhlacha IS ilchuspóireacha, i ndlúthchomhar le 'hAonad Sábháilteachta' na hOifige um Intleacht Shaorga. Áirítear leis sin cineálacha cur chuige i leith measúnú riosca a fhorbairt, méadrachtaí agus tagarmharcanna a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar chumais agus rioscaí samhlacha IS, prótacail mheastóireachta agus próisis bhailíochtaithe a chur chun feidhme, agus dea-chleachtais a bhunú ar an iomlán chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca a bhaineann le samhlacha IS ilchuspóireacha. Rannchuideoidh siad le dea-chleachtais agus prótacail a fhorbairt le haghaidh maoluithe riosca, caighdeáin chibearshlándála san áireamh. Tabharfaidh siad comhairle maidir leis an measúnú ar shamhlacha sonracha teorann GPAI i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Déanfaidh siad idirghníomhú le heolaithe IS sa Phainéal Eolaíoch atá ar na bacáin agus leis na gníomhaithe ábhartha sa réimse (tionscal, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht acadúil agus, i gcás inarb ábhartha, comhlachtaí idirnáisiúnta). Rannchuideoidh an Príomhchomhairleoir Eolaíochta freisin le beartais a mhúnlú agus a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu barr feabhais agus nuálaíocht san intleacht shaorga a chur chun cinn san Eoraip, trí threoraíocht theicniúil a thairiscint, sainchomhairle a chur ar fáil maidir le cineálacha cur chuige beartais agus treochtaí atá ag teacht chun cinn, oibriú go dlúth le foirne na hOifige um Intleacht Shaorga, cultúr nuálaíochta a chur chun cinn, agus tacú le hobair speisialtóirí teicneolaíochta.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Buanna Pearsanta

- Sárscileanna cur i láthair agus cumarsáide chun idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus le hinstitiúidí ar gach leibhéal
- Scileanna idirphearsanta an-mhaith
- An cumas tuarascálacha agus páipéir shoiléire agus bheachta a scríobh

Sainscileanna agus saintaithí

- Taifead láidir foilseacháin i réimse IS

- Eolas domhain teicniúil ar réimse IS, a bhfuil saineolas léirithe aige i bhforéimsí IS, ar nós próiseáil teanga nádúrtha, fís ríomhaire, algartaim mheaisínfhoghlama, agus líonraí néaracha
- Cúlra eolaíoch den scoth
- Taithí chruthaithe acadúil agus/nó thionsclaíoch in IS: Dochtúireacht nó a comhionann agus 10 mbliana ar a laghad de thaithí in IS nó taithí ghaolmhar
- Taithí chruthaithe ar chomhoibriú le saineolaithe IS agus ar fhoirne saineolaithe IS a stiúradh (bheadh taithí 5 bliana ar a laghad ina buntáiste)
- An cumas cruthaithe meantóireacht a dhéanamh ar thaighdeoirí sóisearacha agus ar shaineolaithe IS agus iad a fhorbairt
- Eolas agus tuiscint ar bhreithnithe eiticiúla agus rialála maidir le IS.

Scileanna comhairleacha

- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile i dtimpeallacht ildisciplíneach
- An cumas oibriú go rianúil agus go héifeachtach thar theorainneacha eagraíochtúla
- An cumas aghaidh a thabhairt ar chomhaid chasta agus iad a réiteach i gcomhthéacs dúshlánach
- An cumas comhairle straitéiseach thráthúil a chur ar fáil maidir le saincheisteanna eolaíocha a bhaineann le IS
- An cumas líonraí eolais cuiditheacha agus éifeachtacha a thógáil agus a chothabháil laistigh den Choimisiún agus leis na páirtithe leasmhara seachtracha freisin
- Eolas ar chur chun feidhme IS i dtionscail agus in earnálacha éagsúla

Meastar na nithe seo a leanas a bheith ina mbuntáistí móra ag iarrthóirí:

- Taithí ar mheasúnú riosca nó meastóireachtaí IS
- Taithí ar shábháilteacht IS, ar shlándáil IS, nó ar mhaoluithe riosca eile
- Taithí ar an gcibearshlándáil
- Taithí ar fhorbairt IS cheannródaíoch ar mórscála sa tionsclaíocht nó sa saol acadúil

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Ní mór do gach iarrthóir na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[1] a chomhlíonadh.

Na critéir fhoirmiúla seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, is ar a mbonn siúd amháin a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á déanamh:

- Náisiúntacht: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.

- Céim nó dioplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

- leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

- sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

- Taithí ghairmiúil: Ar an dáta deiridh le hiarratais a dhéanamh, arna leagan síos san fhógra seo, ní mór do na hiarrthóirí a thaispeáint go bhfuil acu, mar aon leis na cáilíochtaí a iarrtar thuas, 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil, a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma a bhaint amach a theastaíonn le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin.[2]
- Teangacha: De réir phointe (e) d'Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ní mór eolas cuimsitheach ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh[3] a bheith ag iarrthóirí agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha sin.

- Ba cheart sárscileanna cumarsáide scríofa agus labhartha a bheith ag an iarrthóir le go bhféadfaidh sé cumarsáid éifeachtach líofa a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

- Teorainn aoise: ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois a sainítear gurb éard atá i gceist léi, i gcás oifigigh an Aontais, deireadh na míosa inar shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 52, pointe (a), de na Rialacháin Foirne)[4].

Próiseas roghnúcháin

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (Cinneadh an 16.12.2013 ón gCoimisiún maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid (C(2013) 9049 final)[5] a dhéanfar an roghnú.

Tá dhá chéim ar leith sa phróiseas, ceann i ndiaidh a chéile:

1. Réamhroghnú

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun.

[2] Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Tá saoire mháithreachais/saoire do thuismitheoirí/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

[3] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:01958R0001-20130701&qid=1408533709461&from=EN
[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701
[5] https://commission.europa.eu/system/files/2018-07/commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf

Cuireadh an painéal réamhroghnúcháin sin le chéile i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 (C(2013) 9049) maidir le beartais i ndáil le gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid.

Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Chuige sin, iarrtar ar iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a sholáthar tráth a dhéanann siad a n-iarratas:

a) Curriculum Vitae (CV);
b) litir inspreagtha.

Chun é a chur ar chumas an phainéil réamhroghnúcháin inghlacthacht na n-iarratas a mheas, iarrtar ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a lua go soiléir sa CV:

- maidir le cúrsaí staidéir a rinneadh: dáta tosaigh agus dáta deiridh an chúrsa, gnáthfhad an chúrsa iomláin agus teideal beacht an dioplóma a baineadh amach;
- maidir leis na tréimhsí taithí gairmiúla: dáta tosaigh agus dáta deiridh gach tréimhse taithí oibre agus tuairisc bheacht ar na dualgais a rinneadh.

2. Roghnúchán

Tar éis na n-agallamh, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a chuid conclúidí a tharraingt suas agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallamh deiridh ina dhiaidh sin leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Rapóirtéir a ceapadh don nós imeachta roghnúcháin, agallamh a dhéanfar chun iad a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta de réir a gcuid cáilíochtaí, a gcuid taithí oibre agus a gcuid eolais ar theangacha, mar a leagtar amach san fhógra seo. Cinnteoidh an Rapóirtéir go mbeidh trédhearcacht agus próis chuí ann i gcaitheamh an nós imeachta.

<u>Doiciméid tacaíochta</u>

Na doiciméid tacaíochta oifigiúla seo a leanas lena ndearbhaítear an fhaisnéis a chuir na hiarrthóirí in iúl san fhoirm iarratais, sa CV agus sa litir inspreagtha, caithfidh na hiarrthóirí a réamhroghnófar iad a sholáthar roimh an agallamh deiridh.

- Cóip de dhoiciméad a chruthaíonn an tsaoránacht atá acu (cárta aitheantais nó pas);
- Cóip de na dioplómaí nó de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a iarrtar;
- Teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí gairmiúla atá acu.

Sna doiciméid sin ní mór dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí gairmiúla atá an t-iarrthóir ag iarraidh a chur san áireamh i dtaca leis an bpróiseas roghnúcháin seo, ní mór sin a bheith luaite go soiléir. Chuige sin, is é rud is fearr, na hiarrthóirí teastais fostaíochta óna n-iarfhostóirí agus óna bhfostóir reatha a chur ar fáil. I gcás nach féidir an méid sin a dhéanamh, glacfar le cóipeanna de chineálacha doiciméid eile, e.g.: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá

na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig an agallamh deiridh, cuirfear de cheangal orthu dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Ceapachán

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a dhéanann údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún Eorpach cuspóir straitéiseach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, d'fhéadfadh sé go dtairgfí conradh sealadach dóibh faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Cinneadh C(2013)9049 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid[6].

4 bliana a mhairfidh an chéad chonradh, agus féadfar 2 bhliain ar a mhéad a chur leis.

Agus uasfhad an chonartha á chinneadh, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha Chinneadh C(2013)9049 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (7 mbliana le linn tréimhse 12 bhliain).

[6] https://commission.europa.eu/system/files/2018-07/commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA: An Bhruiséil, an Bheilg.

LEIBHÉAL: AD13

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an t-iarrthóir a roghnófar i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus aon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas a dhearbhú.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, go díreach nó go hindíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Sonraí pearsanta a chosaint

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7]. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

An nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach go gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí ghairmiúil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

https://europa.eu/!NCKMBd

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass[8] más féidir sin, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

---

[7] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[8] Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost. Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárú ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go gcaithfeá an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

Dáta deiridh

Is é an **13/12/2024, 12.00 meán lae am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.